Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0220 (COD)**

**12307/17**
**ADD 1**

**INST 345**
**POLGEN 122**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 482 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 7 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 482 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 7.

---

Faoi iamh: COM(2017) 482 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 7

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.9.2017
COM(2017) 482 final

ANNEXES 1 to 7

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**

{SWD(2017) 294 final}

GA GA

**IARSCRÍBHINNÍ**

IARSCRÍBHINN 1

An líon íosta sínitheoirí in aghaidh an Bhallstáit

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 15 750 |
| An Bhulgáir | 12 750 |
| Poblacht na Seice | 15 750 |
| An Danmhairg | 9 750 |
| An Ghearmáin | 72 000 |
| An Eastóin | 4 500 |
| Éire | 8 250 |
| An Ghréig | 15 750 |
| An Spáinn | 40 500 |
| An Fhrainc | 55 500 |
| An Chróit | 8 250 |
| An Iodáil | 54 750 |
| An Chipir | 4 500 |
| An Laitvia | 6 000 |
| An Liotuáin | 8 250 |
| Lucsamburg | 4 500 |
| An Ungáir | 15 750 |
| Málta | 4 500 |
| An Ísiltír | 19 500 |
| An Ostair | 13 500 |
| An Pholainn | 38 250 |
| An Phortaingéil | 15 750 |
| An Rómáin | 24 000 |
| An tSlóivéin | 6 000 |
| An tSlóvaic | 9 750 |

| | |
|---|---|
| An Fhionlainn | 9 750 |
| An tSualainn | 15 000 |
| An Ríocht Aontaithe | 54 750 |

## IARSCRÍBHINN II

## FAISNÉIS IS GÁ CHUN TIONSCNAMH Ó NA SAORÁNAIGH A CHLÁRÚ

1. Teideal an tionscnaimh, gan níos mó ná 100 carachtar a bheith ann;

2. Ábhar an tionscnaimh ar ina leith a iarrtar ar an gCoimisiún gníomhú, gan níos mó ná 1000 carachtar a bheith ann;

3. Na forálacha de na Conarthaí a mheasann na heagraithe a bheith ábhartha i ndáil leis an ngníomhaíocht atá beartaithe;

4. Ainmneacha iomlána, seoladh poist, náisiúntacht agus dáta breithe an tseachtair comhaltaí den ghrúpa eagraithe a bhfuil cónaí orthu i seacht mBallstát éagsúla, agus ainmneacha an ionadaí agus an ionadaí mhalartaigh, chomh maith lena seoltaí ríomhphoist agus a n-uimhreacha teileafóin, á léiriú go sonrach[1];

Mura duine den seachtar comhaltaí dá dtagraítear sa mhír thuas an t-ionadaí agus/nó an t-ionadaí malartach, na hainmneacha iomlána, seoltaí poist, náisiúntachtaí, dátaí breithe, seoltaí ríomhphoist agus a uimhreacha teileafóin.

5. Doiciméid lena gcruthaítear ainmneacha iomlána, seoltaí poist, náisiúntachtaí, dátaí breithe, seoltaí ríomhphoist agus a uimhreacha teileafóin gach duine den seachtar comhaltaí dá dtagraítear i bpointe 4 thuas agus an ionadaí agus an ionadaí mhalartaigh mura duine den seachtar comhaltaí sin iad.

6. Ainmneacha chomhaltaí eile an ghrúpa eagraithe;

7. Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(7), de réir mar is iomchuí, doiciméid lena gcruthaítear gur bunaíodh eintiteas dlíthiúil i gcomhréir le dlí náisiúnta Ballstáit go sonrach chun críche tionscnamh áirithe a bhainistiú agus lena gcruthaítear go bhfuil an sainordú ag an gcomhalta den ghrúpa eagraithe atá ainmnithe ina ionadaí ar an ngrúpa sin, go bhfuil an sainordú aige gníomhú thar ceann an eintitis dhlíthiúil .

8. Gach foinse tacaíochta agus maoinithe don tionscnamh tráth an chlárúcháin[1].

Féadfaidh eagraithe faisnéis níos mionsonraithe faoi ábhar, faoi chuspóirí agus faoi chúlra an tionscnaimh a sholáthar in iarscríbhinn. Féadfaidh siad freisin, más mian leo, dréachtghníomh reachtach a thíolacadh.

---

[1] Ráiteas príobháideachais: i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, cuirtear na hábhair sonraí ar an eolas go bhfuil an Coimisiún tar éis na sonraí pearsanta sin a thiomsú chun críche an nós imeachta maidir leis an tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh. Ní chuirfear ar fáil don phobal i gclár ar líne an Choimisiúin ach ainmneacha iomlána na n-eagraithe, tír chónaithe an ionadaí nó, más ábhartha, ainm an eintitis dhlíthiúil agus an tír ina bhfuil a shuíochán, seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála agus faisnéis a bhaineann leis na foinsí tacaíochta agus maoinithe. Tá sé de cheart ag ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne a sonraí pearsanta a fhoilsiú ar chúiseanna dosháraithe dlisteanacha a bhaineann lena gcúinsí áirithe, ceartúchán ar na sonraí sin a iarraidh aon tráth agus a iarraidh go mbainfí iad de chlár ar líne an Choimisiúin tar éis tréimhse dhá bhliain tar éis dháta cláraithe an tionscnaimh bheartaithe ó na saoránaigh.

IARSCRÍBHINN III

**FOIRM RÁITIS TACAÍOCHTA — Cuid A**[1]
**(do na Ballstáit nach gceanglaíonn go soláthrófar cuid d'uimhir aitheantais phearsanta/uimhir doiciméid aitheantais phearsanta)**

Tá gach réimse ar an bhfoirm seo éigeantach.

LE COMHLÁNÚ ROIMH RÉ AG AN nGRÚPA EAGRAITHE:

1. Gach sínitheoir ar an bhfoirm seo, is saoránach é de chuid — Marcáil Ballstát amháin in aghaidh an liosta.

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin Eorpaigh:

3. Dáta tosaithe agus deiridh na tréimhse bailiúcháin:

4. Seoladh gréasáin an tionscnaimh seo ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh:

5. Teideal an tionscnaimh seo:

6. Ábhar an tionscnaimh:

7. Ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála cláraithe *[Ina theannta sin, sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(7), de réir mar is iomchuí: ainm an eintitis dhlíthiúil agus an tír ina bhfuil a shuíochán].*:

8. Láithreán gréasáin an tionscnaimh seo (más ann dó):

LE COMHLÁNÚ AG NA SÍNITHEOIRÍ I gCEANNLITREACHA:

'Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san fhoirm seo ceart agus nár thacaigh mé leis an tionscnamh seo cheana.'

| CÉADAINMNEACHA IOMLÁNA | SLOINNTE | ÁIT CHÓNAITHE (sráid, uimhir, cód poist, cathair, tír) | DÁTA BREITHE | DÁTA | SÍNIÚ[2] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |

**Ráiteas príobháideachais[3] maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh ar pháipéar nó trí chórais bailithe ar líne ar leithligh:**
I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679), ní dhéanfar na sonraí pearsanta a sholáthraítear ar an bhfoirm seo do ghrúpa eagraithe an tionscnamh ó na saoránaigh a chur ar fáil ach do na húdaráis inniúla d'fhonn an líon ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas don tionscnamh seo ó na saoránaigh a fhíorú agus a dheimhniú (féach Airteagal [12] de Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh) agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ach amháin más gá chun críche imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann leis an tionscnamh seo ó na saoránaigh (féach Airteagal [18(5)] de Rialachán (AE) [...]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh). Ní fhéadfar na sonraí a úsáid chun aon chríche eile.
Tá ábhair sonraí i dteideal rochtain a bheith acu ar a sonraí pearsanta, sonraí míchruinne a bhaineann leo a bheith ceartaithe, próiseáil a sonraí pearsanta a shrianadh agus iad a scriosadh. Tá ábhair sonraí i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí.

---

1 Clófar an fhoirm ar bhileog amháin. Féadfaidh eagraithe bileog dhéthaobhach a úsáid. Úsáidfear cód arna chur ar fáil ag an gCoimisiún chun críche na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil go dtí an lárchóras bailithe ar líne.

2 Ní bheidh an síniú éigeantach má dhéantar an fhoirm a sheoladh isteach go leictreonach ag baint úsáid as an lárchóras bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10 nó as córas bailithe ar líne ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 11.

3 Ná húsáidtear ach ceann amháin den dá leagan den ráiteas príobháideachais atá molta, ag brath ar an modh bailithe

Scriosfar na ráitis uile tacaíochta 18 mí ar a dhéanaí tar éis dháta tosaithe an bhailiúcháin le haghaidh an tionscnaimh ó na saoránaigh nó, i gcás imeachtaí riaracháin nó dlíthiúla, trí mhí ar a dhéanaí tar éis an dáta a thugtar na himeachtaí sin chun críche.
Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air, ina áit oibre nó áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis Rialachán (AE) 2016/679.
Sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: Sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó):

**Ráiteas príobháideachais maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne:**
I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679), agus i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, ní dhéanfar na sonraí pearsanta a sholáthraítear ar an bhfoirm seo don Choimisiún Eorpach a chur ar fáil ach do na húdaráis inniúla d'fhonn an líon ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas don tionscnamh seo ó na saoránaigh a fhíorú agus a dheimhniu (féach Airteagal [12] de Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh) agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ach amháin más gá chun críche imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann leis an tionscnamh seo ó na saoránaigh (féach Airteagal [18(5)] de Rialachán (AE) [...]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh). Ní fhéadfar na sonraí a úsáid chun aon chríche eile. Tá ábhair sonraí i dteideal rochtain a bheith acu ar a sonraí pearsanta, sonraí míchruinne a bhaineann leo a bheith ceartaithe, próiseáil a sonraí pearsanta a shrianadh agus iad a scriosadh. Tá ábhair sonraí i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí. Scriosfar na ráitis uile tacaíochta 18 mí ar a dhéanaí tar éis dháta tosaithe an bhailiúcháin le haghaidh an tionscnaimh ó na saoránaigh nó, i gcás imeachtaí riaracháin nó dlíthiúla, trí mhí ar a dhéanaí tar éis an dáta a thugtar na himeachtaí sin chun críche.
Gan dochar d’aon leigheas breithiúnach, féadfaidh gach duine is ábhar do shonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann sé go bhfuil a chearta faoi Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh sáraithe de thoradh phróiseáil a sonraí pearsanta ag an gCoimisiún Eorpach. Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air, ina áit oibre nó áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis Rialachán (AE) 2016/679.
Sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: Sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó):

**FOIRM RÁITIS TACAÍOCHTA — Cuid B**[1]
**(do na Ballstáit a cheanglaíonn go soláthrófar cuid d'uimhir aitheantais phearsanta/uimhir doiciméid aitheantais phearsanta)**

Tá gach réimse ar an bhfoirm seo éigeantach.

LE COMHLÁNÚ ROIMH RÉ AG AN nGRÚPA EAGRAITHE:

1.Gach sínitheoir ar an bhfoirm seo, is saoránach é de chuid:

Marcáil Ballstát amháin in aghaidh an liosta.

Féach an clár oifigiúil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin le haghaidh an Tionscnaimh ó na Saoránaigh chun na huimhreacha aitheantais pearsanta/uimhreacha doiciméid aitheantais phearsanta a fháil, nach mór ceann acu a sholáthar.

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin Eorpaigh:

3. Dáta tosaithe agus deiridh na tréimhse bailiúcháin:

4. Seoladh gréasáin an tionscnaimh seo ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh:

5. Teideal an tionscnaimh seo:

6. Ábhar an tionscnaimh:

7. Ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála cláraithe: *[Ina theannta sin, sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(7), de réir mar is iomchuí: ainm an eintitis dhlíthiúil agus an tír ina bhfuil a shuíochán].:*

8. Láithreán gréasáin an tionscnaimh seo (más ann dó):

LE COMHLÁNÚ AG NA SÍNITHEOIRÍ I gCEANNLITREACHA:

'Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san fhoirm seo ceart agus nár thacaigh mé leis an tionscnamh seo cheana.'

| CÉADAINMNEACHA IOMLÁNA | SLOINNTE | NA CEITHRE DHIGIT DHEIREANACHA DEN UIMHIR AITHEANTAIS PHEARSANTA/ UIMHIR DOICIMÉID AITHEANTAIS PHEARSANTA | AN CINEÁL UIMHREACH AITHEANTAIS PEARSANTA NÓ DOICIMÉID AITHEANTAIS PHEARSANTA | DÁTA | SÍNIÚ[2] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Ráiteas príobháideachais[3] maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh ar pháipéar nó trí chórais bailithe ar líne ar leithligh:**
I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679), ní dhéanfar na sonraí pearsanta a sholáthraítear ar an bhfoirm seo do ghrúpa eagraithe an tionscnamh ó na saoránaigh a chur ar fáil ach do na húdaráis inniúla d'fhonn an líon ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas don tionscnamh seo ó na saoránaigh a fhíorú agus a dheimhniú (féach Airteagal [12] de Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh) agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ach amháin más gá chun críche imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann leis an tionscnamh seo ó na saoránaigh (féach Airteagal [18(5)] de Rialachán (AE) [...]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh). Ní fhéadfar na sonraí a úsáid chun aon chríche eile.
Tá ábhair sonraí i dteideal rochtain a bheith acu ar a sonraí pearsanta, sonraí míchruinne a bhaineann leo a bheith ceartaithe, próiseáil a sonraí pearsanta a shrianadh agus iad a scriosadh. Tá ábhair sonraí i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne

---

1 Clófar an fhoirm ar bhileog amháin. Féadfaidh eagraithe bileog dhéthaobhach a úsáid. Úsáidfear cód arna chur ar fáil ag an gCoimisiún chun críche na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil go dtí an lárchóras bailithe ar líne.

2 Ní bheidh an síniú éigeantach má dhéantar an fhoirm a sheoladh isteach go leictreonach ag baint úsáid as an lárchóras bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10 nó as córas bailithe ar líne ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 11.

3 Ná húsáidtear ach ceann amháin den dá leagan den ráiteas príobháideachais atá molta, ag brath ar an modh bailithe

phróiseáil na sonraí. Scriosfar na ráitis uile tacaíochta 18 mí ar a dhéanaí tar éis dháta tosaithe an bhailiúcháin le haghaidh an tionscnaimh ó na saoránaigh nó, i gcás imeachtaí riaracháin nó dlíthiúla, trí mhí ar a dhéanaí tar éis an dáta a thugtar na himeachtaí sin chun críche. Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air, ina áit oibre nó áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis Rialachán (AE) 2016/679.

Sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: Sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó):

**Ráiteas príobháideachais maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne:**

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679), agus i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, ní dhéanfar na sonraí pearsanta a sholáthraítear ar an bhfoirm seo don Choimisiún Eorpach a chur ar fáil ach do na húdaráis inniúla d'fhonn an líon ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas don tionscnamh seo ó na saoránaigh a fhíorú agus a dheimhniu (féach Airteagal [12] de Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh) agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ach amháin más gá chun críche imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann leis an tionscnamh seo ó na saoránaigh (féach Airteagal [18(5)] de Rialachán (AE) [...]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh). Ní fhéadfar na sonraí a úsáid chun aon chríche eile. Tá ábhair sonraí i dteideal rochtain a bheith acu ar a sonraí pearsanta, sonraí míchruinne a bhaineann leo a bheith ceartaithe, próiseáil a sonraí pearsanta a shrianadh agus iad a scriosadh. Tá ábhair sonraí i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí. Scriosfar na ráitis uile tacaíochta 18 mí ar a dhéanaí tar éis dháta tosaithe an bhailiúcháin le haghaidh an tionscnaimh ó na saoránaigh nó, i gcás imeachtaí riaracháin nó dlíthiúla, trí mhí ar a dhéanaí tar éis an dáta a thugtar na himeachtaí sin chun críche. Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, féadfaidh gach duine is ábhar do shonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann sé go bhfuil a chearta faoi Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh sáraithe de thoradh phróiseáil a sonraí pearsanta ag an gCoimisiún Eorpach. Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air, ina áit oibre nó áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis Rialachán (AE) 2016/679.

Sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: Sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó):

## IARSCRÍBHINN IV

**DEIMHNIÚ LENA nDEIMHNÍTEAR COMHRÉIREACHT CÓRAIS BAILITHE AR LÍNE LE RIALACHÁN (AE) UIMH [...] Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AN [...] MAIDIR LEIS AN TIONSCNAMH Ó NA SAORÁNAIGH**

Deimhníonn …. (ainm an údaráis inniúil) as … (ainm an Bhallstáit), leis seo, go bhfuil forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh á gcomhlíonadh i gcás an chórais bailithe ar líne ar leithligh … (seoladh an láithreán gréasáin) a úsáideadh chun ráitis tacaíochta a bhailiú do ... (teideal an tionscnaimh) a bhfuil an uimhir chlárúcháin ... (uimhir chlárúcháin an tionscnaimh) aige.

Dáta, síniú agus stampa oifigiúil an údaráis inniúil:

IARSCRÍBHINN V

## FOIRM CHUN RÁITIS TACAÍOCHTA A THÍOLACADH D'ÚDARÁIS INNIÚLA NA mBALLSTÁT

1. Ainmneacha iomlána, seoltaí poist agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála (ionadaí agus ionadaí malartach an ghrúpa eagraithe) nó an eintitis dhlíthiúil a bhainistíonn an tionscnamh agus a ionadaí siúd:

2. Teideal an tionscnaimh:

3. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin:

4. Dáta clárúcháin:

5. An líon sínitheoirí ar náisiúnaigh de chuid (ainm an Bhallstáit) iad:

6. An líon iomlán ráiteas tacaíochta a bailíodh:

7. An líon Ballstát inar sroicheadh an tairseach:

8. Iarscríbhinní:

(Cuirtear faoi iamh leis seo gach ráiteas tacaíochta ó shínitheoirí ar náisiúnaigh iad den Bhallstát ábhartha.

Más infheidhme, cuirtear faoi iamh leis seo deimhniú comhréireachta ábhartha an chórais bailithe ar líne ar leithligh le Rialachán (AE) Uimh. [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh.)

9. Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm seo ceart agus gur bailíodh na ráitis tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal [...] de Rialachán (AE) Uimh. [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh.

10. Dáta agus síniú duine de na daoine teagmhála (ionadaí/ionadaí malartach[1]) nó ionadaí an eintitis dhlíthiúil:

---

[1] Scrios de réir mar is cuí"

IARSCRÍBHINN VI

## DEIMHNIÚ LENA nDEIMHNÍTEAR AN LÍON RÁITEAS TACAÍOCHTA BAILÍ ARNA mBAILIÚ LE hAGHAIDH … (AINM AN BHALLSTÁIT)

Deimhníonn … (ainm an údaráis inniúil) as … (ainm an Bhallstáit), leis seo, tar éis na fíoruithe is gá a dhéanamh a cheanglaítear le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh, go bhfuil (an líon ráiteas tacaíochta bailí) ráiteas tacaíochta don tionscnamh a bhfuil an uimhir chlárúcháin ... (uimhir chlárúcháin an tionscnaimh) aige, bailí i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

Dáta, síniú agus stampa oifigiúil

IARSCRÍBHINN VII

**FOIRM CHUN TIONSCNAMH Ó NA SAORÁNAIGH A THÍOLACADH DON CHOIMISIÚN**

1. Teideal an tionscnaimh:

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin:

3. Dáta clárúcháin:

4. An líon ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas: (ní mór aon mhilliún amháin ar a laghad a bheith ann)

5. An líon sínitheoirí ar thug Ballstáit deimhniú ina leith:

| | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An líon sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE | UK | IOMLÁN | | | |
| An líon sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | | |

6. Ainmneacha iomlána, seoltaí poist agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála (ionadaí agus ionadaí malartach an ghrúpa eagraithe)[1] nó an eintitis dhlíthiúil a bhainistíonn an tionscnamh agus a ionadaí siúd:

7. Léirigh na foinsí tacaíochta agus maoinithe go léir a fuarthas don tionscnamh, lena n-áirítear an méid tacaíochta airgeadais tráth an tíolactha:

8. Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm seo ceart agus gur comhlíonadh na nósanna imeachta agus na coinníollacha ábhartha go léir atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh.

Dáta agus síniú duine de na daoine teagmhála (ionadaí/ionadaí malartach[2]) nó ionadaí an eintitis dhlíthiúil:

---

[1] Ráiteas príobháideachais: I gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, cuirtear na hábhair sonraí ar an eolas go bhfuil an Coimisiún tar éis na sonraí pearsanta sin a thiomsú chun críche an nós imeachta maidir leis an tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh. Ní dhéanfar ach ainmneacha iomlána na n-eagraithe, seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála agus faisnéis a bhaineann le foinsí tacaíochta agus maoinithe a sholáthar don phobal i gclár ar líne an Choimisiúin. Tá sé de cheart ag ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne a sonraí pearsanta a fhoilsiú ar chúiseanna dosháraithe dlisteanacha a bhaineann lena gcúinsí áirithe, ceartúchán ar na sonraí sin a iarraidh aon tráth agus a iarraidh go mbainfí iad de chlár ar líne an Choimisiúin tar éis tréimhse dhá bhliain tar éis dháta cláraithe an tionscnaimh bheartaithe ó na saoránaigh.

[2] Scrios de réir mar is cuí"

9. Iarscríbhinní: (Cuirtear gach deimhniú faoi iamh leis seo)